Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2014**

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

# Ceimic

## Aonad Measúnaithe AS 3

*ag measúnú*

Modúl 3: Scrúdú Praiticiúil

## Leabhrán Praiticiúil A

**[AC133]**

**DÉ CÉADAOIN 7 BEALTAINE, MAIDIN**

AC133

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Freagair **gach ceann** den **dá** cheist.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 22 an marc iomlán don pháipéar seo.
Is cleachtadh praiticiúil í Ceist 1 dar luach 8 marc.
Is cleachtadh praiticiúil í Ceist 2 dar luach 14 mharc.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do chuid de cheist.
Tá Tábla Peiriadach na nDúl (agus roinnt sonraí san áireamh) ar fáil.
**Níl cead agat nótaí, téacsleabhair nó aon ábhar eile a úsáid le cuidiú leat.**

| Uimhir Ceiste | Marcanna | |
|---|---|---|
| | Marc Scrúdaitheora | Athmharc |
| 1 | | |
| 2 | | |
| Marc Iomlán | | |



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

LEATHANACH BÁN



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

**1 Cleachtadh toirtmheasctha**

Tá carbónáit chailciam i láthair i roinnt táibléid mhí-dhíleá.

Caithfidh tú cúl-toirtmheascadh a dhéanamh le mais na carbónáite cailciam i dtáibléad mí-dhíleá a aimsiú.

Cuirtear na rudaí thíos ar fáil duit:

Tuaslagán **A**, a rinneadh trí **dhá** tháibléad mí-dhíleá a imoibriú le 25 $cm^3$ de 2.0 $mol\,dm^{-3}$ d'aigéad hidreaclórach agus ansin an tuaslagán a dhéanamh suas chuig 250 $cm^3$

Tuaslagán 0.10 $mol\,dm^{-3}$ de hiodrocsaíd sóidiam

Táscaire feanóltailéine

Déan an toirtmheascadh mar seo thíos:

- an buiréad a shruthlú amach leis an tuaslagán 0.10 $mol\,dm^{-3}$ hiodrocsaíd sóidiam
- an buiréad a líonadh leis an tuaslagán 0.10 $mol\,dm^{-3}$ hiodrocsaíd sóidiam
- 25.0 $cm^3$ de thuaslagán **A** a aistriú chuig an fhleascán chónúil
- 2–3 bhraon de tháscaire feanóltailéine a chur leis an tuaslagán sa fhleascán chónúil agus toirtmheascadh a dhéanamh go mbainfear an críochphointe amach

Cuir do thorthaí i láthair i dtábla cuí agus ríomh an meántítear.

**Tábla na dtorthaí**

[8]



thmharc
StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## 2 Breathnú

Ba chóir duit spéaclaí sábháilteachta a chaitheamh i gcónaí agus a bheith cúramach le linn an scrúdaithe phraiticiúil seo.

**(a)** Cuirtear meascán de dhá shalann ar fáil duit, lipéadaithe **B**, a bhfuil caitian coiteann acu.
Déan na tástálacha seo a leanas ar an mheascán. Déan do chuid breathnuithe a thaifeadadh sna spásanna thíos.

| | Tástáil | Breathnuithe |
|---|---|---|
| 1 | Cuir miosúr spadail de **B** i bpromhadán agus téigh go láidir é. Cuir gás ar bith a thagann uaidh ag boilgearnú trí aoluisce. | [2] |
| 2 | Déan tuaslagán de **B** trí leathmhiosúr spadail de **B** a thuaslagadh i bpromhadán a bhfuil an tríú cuid de líonta le haigéad hidreaclórach caolaithe.<br><br>Cuir 1 $cm^3$ de thuaslagán clóiríd bhairiam isteach sa phromhadán. | [1]<br><br>[1] |
| 3 | Déan tuaslagán de **B** trí leathmhiosúr spadail de **B** a thuaslagadh i bpromhadán a bhfuil an tríú cuid de líonta le huisce dí-ianaithe.<br><br>Cuir 1 $cm^3$ de thuaslagán sulfáit mhaignéisiam isteach sa phromhadán. | [1] |
| 4 | Déan tuaslagán de **B** trí cheathrú-mhiosúr spadail de **B** a thuaslagadh i bpromhadán a bhfuil an tríú cuid de líonta le haigéad nítreach caolaithe.<br><br>Cuir 1 $cm^3$ de thuaslagán níotráit airgid leis agus ansin, i múchlann, 1 $cm^3$ de thuaslagán amóinia tiubhaithe. | [2] |
| 5 | Tum lúb sreang niocróim in aigéad hidreaclórach tiubhaithe; cuir an tsreang i dteagmháil le **B** agus ansin coinnigh i lasair ghorm dhóire Bunsen í. | [1] |

thmharc



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com



**(b)** Cuirtear leacht orgánach **C** ar fáil duit. Déan na tástálacha seo a leanas ar an leacht. Déan do chuid breathnuithe a thaifeadadh sna spásanna thíos.

| Tástáil | Breathnuithe |
|---|---|
| **1** Cuir 1 $cm^3$ de **C** i bpromhadán agus cuir 1 $cm^3$ d'uisce dí-ianaithe leis. | [1] |
| **2** Cuir 10 mbraon de **C** ar chlog-ghloine atá ar mhata teasdíonach agus las é le birín beo. | [2] |
| **3** I múchlann, cuir 0.5 $cm^3$ go neasach de **C** isteach i bpromhadán a bhfuil an ceathrú cuid de líonta le huisce bróimín agus déan é a mheascadh go maith. | [2] |
| **4** Cuir 1 $cm^3$ de **C** i bpromhadán. Cuir isteach 2 $cm^3$ de thuaslagán déchrómáit photaisiam a aigéadaíodh trí 2 $cm^3$ d'aigéad sulfarach caolaithe a chur leis. Téigh an meascán go séimh, déan é a shuaitheadh, agus fág é le seasamh go ceann 5 nóiméad. | [1] |

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

177684

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com